Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5755/26**

**FIN 142**
**INST 33**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

Ábhar: Na treoirlínte buiséid do 2027

- *Conclúidí ón gComhairle (an 17 Feabhra 2026)*

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2027, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) iad ag an 4153ú cruinniú a bhí aici an 17 Feabhra 2026.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS NA TREOIRLÍNTE BUISÉID DO 2027

1. Tá sé curtha i bhfáth ag an gComhairle gurb é an nós imeachta buiséadach do 2027 an ceann deireanach i gclárthréimhse 2021-2027. Ina leith sin, cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil ról lárnach ag buiséad an Aontais do 2027 maidir leis na cuspóirí fadtéarmacha agus na tosaíochtaí polaitiúla a chomhaontaigh an tAontas a bhaint amach. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfaidh na hinstitiúidí uile an aird chuí ar na gnéithe ábhartha uile sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027.

2. I gcomhthéacs chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, aithníonn an Chomhairle an gealltanas daingean, a d'athdhearbhaigh 25 Cheann Stáit nó Rialtais ag an gcruinniú den Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2025[1], go dtabharfaidh an tAontas tacaíocht airgeadais leanúnach don Úcráin, a fhad agus a oiread agus is gá, agus go dtacóidh sé lena hathléimneacht agus lena hatógáil fhadtéarmach. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go léireofar i gcónaí sa bhuiséad do 2027 dlúthpháirtíocht an Aontais le muintir na hÚcráine agus go dtabharfar freagairt ar na géarchéimeanna gaolmhara, lena n-áirítear riachtanais dhaonnúla. I bhfianaise an mhéid sin, meabhraítear don Chomhairle an cinneadh aghaidh a thabhairt ar riachtanais airgeadais na hÚcráine do 2026-2027, agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo[2] maidir le cosaint agus slándáil na hEorpa, mar a léirítear sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 agus an19 Nollaig 2025[3].

[1] EUCO 26/25.
[2] EUCO 18/25.
[3] EUCO 24/25.

3. Meabhraítear don Chomhairle prionsabal na dlúthpháirtíochta agus cuireann sí i dtreis go gcuideofar, trí leas a bhaint as buiséad an Aontais ar bhealach éifeachtach, le borradh a chur faoi iontaoibh mhuintir na hEorpa as an Aontas.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart an buiséad a bhunú i gcomhréir leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais[4], go háirithe prionsabail na haontachta, na bliantúlachta, na bainistíochta fónta airgeadais agus na trédhearcachta.

5. Measann an Chomhairle gur cheart an buiséad do 2027 a bheith réalaíoch, i gcomhréir leis na riachtanais iarbhír, gur cheart buiséadú stuama a áirithiú leis agus, gan dochar d'fhorálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh[5], go ndéanfaí foráil do chorrlaigh leordhóthanacha faoi uasteorainneacha CAI chun déileáil le cúinsí gan choinne agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Aontas. Ag an am céanna, ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil sa bhuiséad do 2027 chun a áirithiú go gcuirfear cláir an Aontais chun feidhme, mar a leagtar amach sa ráiteas comhpháirteach maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a ghabhann leis an mbuiséad do 2026, lena n-áirítear acmhainní a eascraíonn as athbhreithniú meántéarma 2025 ar an mbeartas comhtháthaithe, agus chun go bhféadfar na gealltanais a tugadh cheana faoin CAI reatha a íoc in am trátha. Chuige sin, más gá agus i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, tar éis gach ath-leithdháileadh féideartha sa bhuiséad a chur chun feidhme, ba cheart leithreasuithe leordhóthanacha a áirithiú trí úsáid a bhaint as na solúbthachtaí atá ar fáil, lena n-áirítear trí bhuiséad leasaitheach, más gá, chun aon éilimh neamhíoctha arna gcur isteach ag na Ballstáit a sheachaint. Ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh ar leibhéal na ngealltanas le híoc chun riaráistí iomarcacha a sheachaint.

---

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

[5] Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).

6. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún na hath-leithdháiltí a comhaontaíodh sa CAI athbhreithnithe agus atá riachtanach chun na tosaíochtaí a leagtar síos sa CAI athbhreithnithe 2021-2027 a mhaoiniú, chomh maith leis na gealltanais saortha atá á gcur ar fáil arís, a áireamh sa dréachtbhuiséad do 2027. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na tosaíochtaí uile a comhaontaíodh go comhchoiteann sa CAI athbhreithnithe a chur san áireamh agus a léiriú go hiomlán sa dréachtbhuiséad do 2027, lena n-áirítear an imirce, agus an chothromaíocht idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí á cur san áireamh, agus an cistiú leordhóthanach a comhaontaíodh do chúlchiste na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) á áirithiú. Ós rud é go measann an Chomhairle go bhfuil sé sin ríthábhachtach, iarrann sí ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh do thuairisciú rialta leordhóthanach, lena n-áirítear go ráithiúil, maidir leis an méid thuasluaite a bhaint amach agus maidir le méid an tsaortha a thagann chun cinn faoi cheannteideal 6 de CAI, agus aird ar leith á tabhairt ar ICFCI agus ar Chúnamh Réamhaontachais.

7. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá go n-urramóidh institiúidí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais gach gné de CAI 2021–2027 agus an buiséad do 2027 á bhunú agus á chur chun feidhme acu.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart d’institiúidí, do chomhlachtaí, d’oifigí agus do ghníomhaireachtaí uile an Aontais smacht buiséadach a choimeád, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá míreanna caiteachais a mheastar a bheith riachtanach, agus iad sin amháin, a bhuiséadú.

9. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cheart na méideanna breise a áirítear sa bhuiséad, mar shampla ó athúsáid saortha faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais a bheith i gcomhréir go hiomlán leis an gcomhaontú maidir le CAI athbhreithnithe 2021–2027 agus teoranta dó.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an uasteorainn do cheannteideal 7 CAI 2021-2027 bunaithe ar an mbonn go nglacann institiúidí uile an Aontais cur chuige cuimsitheach agus docht chun a áirithiú go mbainfear an tairbhe is fearr as na hacmhainní daonna i ndáil le prionsabal na foirne cobhsaí, agus chun gnóthachain éifeachtúlachta agus coigilteas costais comhfhreagrach a bhaint amach i gcaiteachas riaracháin nach mbaineann le tuarastal. Tá brú suntasach á chur ar cheannteideal 7 mar gheall ar mhéaduithe ar leibhéil na foirne, nuashonruithe tuarastail uathoibríocha agus athruithe ginearálta ar phraghsanna le roinnt blianta agus an boilsciú ag dul i méad, ach a bhfuil maolú tagtha air le déanaí. Dá bhrí sin, leanann an Chomhairle de thacú go láidir le cur chuige comhchoiteann chun an ceannteideal sin a chuimsiú, arb é is aidhm dó freisin foireann institiúidí an Aontais a mhaoiniú, seachas a bheith ag brath ar leithreasuithe faoi cheannteidil théamacha chun na críche sin. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí uile an Aontais beartas stuama foirgneamh a ghlacadh. Chuige sin, iarrann sí ar an gCoimisiún a chumhachtaí faoi Airteagal 314(1) CFAE a fheidhmiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí thuas. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin a hiarrataí ar an gCoimisiún, gan dochar dá cheart tionscnaimh, bearta éifeachtacha a thíolacadh, sula mbunófar an ráiteas meastachán do bhliain airgeadais 2027, lena n-áireofar ionchur ón athbhreithniú leanúnach mórscála, caiteachas riaracháin a mhaolú agus a áirithiú nach sárófaí uasteorainneacha reatha cheannteideal 7 de CAI agus nár cheart leas as na hionstraimí speisialta don cheannteideal seo. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas tacaíochta riaracháin faoi na cláir lena n-áiritheofar go léireoidh na leithreasuithe na riachtanais iarbhír, agus aird á tabhairt freisin ar an ráiteas aontaobhach ón gCoimisiún maidir le gníomhaireachtaí i gcomhthéacs an téacs chomhpháirtigh maidir le buiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2026[6], chomh maith le riachtanais bhuiséadacha na ngníomhaireachtaí, ar cheart dóibh a sainorduithe a chomhlíonadh ar an mbealach is costéifeachtaí.

[6] Féach Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN a ghabhann le 15487/25.

11. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar chruinneas níos fearr na mBallstát ina réamhaisnéis fhadtéarmach[7] agus leibhéal na n-íocaíochtaí sa dréachtbhuiséad á mheas. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le hintuarthacht i leith ranníocaíochtaí na mBallstát le buiséad an Aontais agus i leith íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais leis na Ballstáit, agus í ag meabhrú di go seachnaítear, le buiséadú cruinn, dúshláin neamh-inmhianaithe i leith na mbuiséad náisiúnta, go háirithe i bhfianaise chur chun feidhme brostaithe na gclár as a n-eascraíonn leibhéil íocaíochta mhéadaitheacha agus srianta dochta buiséadacha náisiúnta i bhfeidhm. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réamhaisnéisí cruinne iontaofa a chur ar fáil ar bhealach trédhearcach agus gan mhoill i leith na n-ioncam uile, lena n-áirítear gnóthachain, athshreabha, fíneálacha, agus an méid bliantúil is iníoctha ag an Ríocht Aontaithe in 2027 i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar[8], rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát measúnú a dhéanamh go tráthúil ar an ranníocaíocht mheasta uathu siúd le buiséad an Aontais.

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart uirlisí ceartaitheacha buiséadacha, mar shampla buiséid leasaitheacha, a choinneáil chomh híseal agus atá cuí-réasúnaithe, agus gur cheart iad a thabhairt isteach ar bhealach tráthúil ionas go mbeifear in ann iad a scrúdú mar is ceart agus ionas nach gcuirfear isteach ar fheidhmiú chláir an Aontais agus gur cheart iad a mhaoiniú go príomha trí athdháileadh. Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha ar leithligh atá bunaithe ar ioncam a thíolacadh gan mhoill, a luaithe a bheidh an fhaisnéis ábhartha ar fáil. Tá an Chomhairle an-tiomanta i gcónaí seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséid leasaitheacha a luaithe is féidir.

---

[7] Mar a thuairiscítear i dTábla 1 den Fhorléargas ar an mbeartas comhtháthaithe agus i réamhaisnéisí na mBallstát an 1 Aibreán 2025 (WK 4061/2025).

[8] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

13. Chun go mbeidh dóthain ama ag na parlaimintí náisiúnta chun grinnscrúdú mionsonraithe a dhéanamh agus ag an gComhairle chun a seasamh a ullmhú go críochnúil, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an dréachtbhuiséad do 2027 a thíolacadh a luaithe is féidir i mí an Mheithimh. Molann sí don Choimisiún chomh maith feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar a bhfuil sna ndoiciméid bhuiséadacha ionas gur níos simplí, níos gonta agus níos trédhearcaí a bheidh siad, agus a áirithiú go mbeidh na sonraí is déanaí ar fáil. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe íocaíochta dá bhforáiltear le haghaidh gníomhartha dlí nua nó leasuithe ar ghníomhartha dlí atá ann cheana agus nár glacadh go fóill a áireamh i gcúlchiste, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais.

14. Ina theannta sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún an tsraith iomlán de na doiciméid is infheidhme a liostaítear in Airteagal 41 den Rialachán Airgeadais a chur leis an dréachtbhuiséad. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún trédhearcacht agus infheictheacht iomlán an chúnaimh airgeadais a chuirtear ar fáil agus na n-íocaíochtaí úis gaolmhara a íocfar as fiachas a eisítear dá dtagraítear in Airteagal 224 den Rialachán Airgeadais agus na gcistí uile faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) a ráthú tríd an bhfaisnéis ábhartha uile a sholáthar go tráthúil, lena n-áirítear táblaí achoimre ar leithreasuithe buiséid agus faisnéis maidir le bainistiú fiachais agus dliteanas eile de chuid bhuiséad an Aontais, chomh maith le forléargas ar an gcaoi le róchaiteachas íocaíochtaí úis EURI a mhaoiniú in 2027 i gcomhréir le CAI athbhreithnithe 2021-2027. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a oibríochtaí iasachtaíochta a dhéanamh i gcomhréir leis na riachtanais iarbhír chun leachtacht iomarcach agus costais úis chomhfhreagracha a sheachaint. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, nuair a bheidh sé ar fáil agus nuair is iomchuí, tarchur fógraí dearbhúcháin a chur ar fáil le haghaidh aistrithe tacaíochta neamh-inaisíoctha a dhéantar ón gcomhthiomsú cistiúcháin chuig buiséad an Aontais as a n-eascraíonn an t-éileamh ar chostais ón gCoimisiún, eisíocaíochtaí agus réamhaisnéisí saortha a bhfuiltear ag súil leo ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a mbeidh tionchar acu in 2027. Tugann an Chomhairle dá haire, chun go nglacfaidh sí seasamh fóinteach maidir leis an dréachtbhuiséad i ndáil le costais úis, nach féidir léi ach faisnéis a tharchuirtear in am a mheas chun go bhféadfaidh na Ballstáit measúnú cuimsitheach a dhéanamh.

15. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an comhaontú a leagtar síos sna gnéithe deiridh le haghaidh conclúidí comhpháirteacha maidir leis an mbuiséad do 2027 a chur san áireamh sa dréachtbhuiséad do 2025[9] agus do 2026[10]. Ina leith seo, meabhraítear don Chomhairle, i gcomhréir le pointí 16 agus 17 de na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1 Feabhra 2024 mar a léirítear in Aithris 12 agus in Airteagal 10a de Rialachán CAI leasaithe[11], mura féidir costas íocaíochtaí úis NextGenerationEU (NGEU) a íoc ó líne bhuiséid reatha Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh faoi Cheannteideal 2b, lorgófar maoiniú chun cuid shubstaintiúil de na méideanna is gá a chumhdach, a mhéid is féidir, d'fhonn suim ar fiú thart ar 50 % de chostais íocaíochtaí úis NGEU í a shlógadh mar thagarmharc. Déanfar é sin trí leas a bhaint as spás arna chruthú le cur chun feidhme buiséadach na gclár agus le hathbheartú tosaíochtaí, mar aon le hionstraimí speisialta neamhthéamacha, i gcomhréir leis na rialacha earnálacha is infheidhme agus oibleagáidí dlíthiúla eile, agus aird á tabhairt ar na tosaíochtaí cuntasaíochta agus ar bhuiséadú stuama. Ní dhéanfaidh na hathdháilte ná an t-athbheartú tosaíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo difear d'imchlúdaigh náisiúnta na mBallstát ar gealladh go dlíthiúil cheana féin iad. Más gá maoiniú breise, cuirfear acmhainní breise ar fáil trí Ionstraim Théarnaimh an Aontais a shlógadh.

16. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an ioncam sannta atá iontráilte sa bhuiséad, lena n-áirítear ioncam ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais agus ón gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe[12], agus a chuid oibleagáidí faoin Rialachán Airgeadais a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le hioncam sannta eile a leithdháiltear ar chláir áirithe i gcomhréir leis an gcomhaontú maidir le CAI athbhreithnithe 2021–2027. Thairis sin, áitíonn an Chomhairle go gcuirfí i láthair go trédhearcach ioncam sannta a eascraíonn as aisghabhálacha in aghaidh an chláir agus an chineáil, mar aon le réamhaisnéisí ar ioncam sannta a bhfuiltear ag súil leis chun cinneadh leibhéal iomchuí na leithreasuithe buiséadacha do gach clár faoi seach a éascú.

---

9 WK 14457/2024.

10 WK 15592/2025 REV 1.

11 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024).

12 An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, Cuid a Cúig maidir le Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais, Bainistíocht Fhónta Airgeadais agus Forálacha Airgeadais (IO L 444, 31.12.2020, lch. 14).

17. Molann an Chomhairle do na hinstitiúidí uile comhoibriú ar bhealach éifeachtúil, cabhrach, rud a éascóidh nós imeachta buiséadach rianúil agus bunú an bhuiséid do 2027 laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos le CFAE. Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún gníomhú mar eadránaí iontaofa le linn an nós imeachta bhuiséadaigh ina iomláine agus faisnéis mhionsonraithe a iarrann an Chomhairle a chur ar fáil go tráthúil. Chun go n-éascófar próiseas an idir-réitigh, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún rochtain thráthúil a thabhairt ar dhréachtghnéithe le haghaidh conclúidí comhpháirteacha, ar cheart dóibh a bheith cuimsitheach agus ar cheart an fhaisnéis ábhartha ar fad (lena n-áirítear comparáid leis an seanleagan de na dréachtghnéithe) a bheith iontu. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin leanúint d'athruithe iomchuí ar íocaíochtaí tar éis athruithe a mholtar sna gealltanais a thíolacadh sna dréacht-ghnéithe le haghaidh conclúidí comhpháirteacha, agus iad i gcomparáid le leagan den dréacht a bhí ann roimhe sin.

18. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé gné bhliantúil an nós imeachta bhuiséadaigh a chaomhnú agus gan saincheisteanna a phlé nach mbaineann go díreach leis an idirbheartaíocht faoin mbuiséad bliantúil. Meabhraítear go mbeidh sé de chuspóir ag an gCoiste Idir-Réitigh, a tionóladh i ndáil le hAirteagal 314 CFAE, buiséad a bhunú do 2027.

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na treoirlínte sin agus tá sí ag iarraidh go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh iad mar is cuí nuair a bheidh an dréachtbhuiséad do 2027 á ullmhú.

20. Ar mhaithe le feasacht a mhúscailt, cuirfear na treoirlínte seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gCoimisiún, agus chuig comhlachtaí agus institiúidí uile eile de chuid an Aontais.